An Coimisiún Eorpach

Beartas comharsanachta na hEorpa

Toisc gur príomhghné de bheartas eachtrach an Aontais beartas comharsanachta na hEorpa, tá an beartas comharsanachta dírithe ar an réigiún a chobhsú i dtéarmaí polaitiúla, eacnamaíocha agus slándála.

Is é a rialaítear le beartas comharsanachta na hEorpa an caidreamh atá ag an Aontas le 16 de na comhpháirtithe is dlúithe atá aige thoir agus theas. Tugann an beartas sin éifeacht do mhian an Aontais tógáil ar leasanna comhchoiteanna le tíortha comhpháirtíochta agus don tiomantas oibriú i gcomhar le chéile i réimsí tosaíochta, lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta, an meas ar chearta an duine agus an comhtháthú sóisialta a chur chun cinn. Is tosaíocht é seasmhacht an stáit agus na sochaí i dtíortha comhpháirtíochta an Aontais a neartú i bhfianaise na mbagairtí agus na mbrúnna a bhfuil orthu dul i ngleic leo, lena n-áirítear na dúshláin a bhaineann leis an imirce agus leis an tsoghluaisteacht.

An obair atá ar siúl ag an Aontas Eorpach

Cuireann beartas comharsanachta na hEorpa creat ar fáil i gcomhair comhpháirtíochtaí níos éifeachtaí agus níos láidre atá bunaithe ar leasanna comhchoiteanna agus ar ghníomhaíocht ar an dá thaobh. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an bheartais:

- tíortha comharsanacha a chobhsú trí aghaidh a thabhairt ar fhorbairt eacnamaíoch, infhostaitheacht agus an óige, nascacht iompair agus fuinnimh, imirce, soghluaisteacht agus slándáil;
- príomhleasanna an Aontais a chur chun cinn, mar atá dea-rialachas, an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine; agus
- an comhar a éascú ag an leibhéal réigiúnach, mar shampla trí Chomhpháirtíocht an Oirthir agus an tAontas don Réigiún Meánmhuirí.

Is iad seo a leanas na príomhthionscnaimh trína gcuirtear an beartas i bhfeidhm.

- Comhpháirtíocht an Oirthir: tionscnamh comhpháirteach chun an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus 6 chomharsa ar an taobh thoir dó a neartú: an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin.

- Comharsanacht an Deiscirt: creat don chomhar idir an tAontas Eorpach agus 10 dtír chomhpháirtíochta: an Ailgéir, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, an Libia, Maracó, an Phalaistín (*), an tSiria agus an Túinéis.

Tarlaíonn comhar ar leibhéal déthaobhach (le comhpháirtithe aonair), ar leibhéal réigiúnach (le dhá chomhpháirtí ón oirthear nó ón deisceart) nó ar fud na comharsanachta, ag brath ar chineál na gníomhaíochta. Leis an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht, tugtar tacaíocht don chur chuige cuimsitheach atá ag an Aontas Eorpach i leith a chuid comhpháirtithe. Is í an phríomhionstraim airgeadais í atá ag an Aontas i dtaca le comhar a chothú le tíortha bheartas comharsanachta na hEorpa sna blianta 2014-2020.

(*) Ní fhéadfar an t-ainmniú seo a fhorléiriú mar aitheantas a bheith á thabhairt do stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh faoi leith na mBallstát ar an gceist sin.

Tuilleadh eolais: https://ec.europa.eu/info/policies/european-neighbourhood-policy_ga

facebook.com/EUnear

@eu_near

Teagmháil a dhéanamh leis an Aontas Eorpach

AR LÍNE
Tá faisnéis i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar fáil ar shuíomh gréasáin Europa: http://europa.eu

AG IONAD FAISNÉISE
Tá na céadta ionad faisnéise ag an Aontas ar fud na hEorpa.

Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ag:
https://europa.eu/european-union/contact/meet-us_ga

AR AN bhFÓN NÓ TRÍ RÍOMHPHOST
Seirbhís lena dtugtar freagra ar do cheisteanna faoin Aontas Eorpach is ea *Europe Direct*.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís sin trí shaorghlao: 00 80067891011 (ní thugann oibreoirí áirithe fóin póca rochtain ar uimhreacha 00 800 nó d'fhéadfaidís táillí a ghearradh i leith na nglaonna sin), nó ar ghnáththaraifí teileafóin ó áiteanna lasmuigh den Aontas: +32 22999696, nó trí ríomhphost chuig http://europa.eu/contact

FOILSEACHÁIN FAOIN EORAIP
Is féidir teacht go héasca ar fhoilseacháin faoin Aontas Eorpach ar shuíomh gréasáin EU Bookshop: http://bookshop.europa.eu

IONADAÍOCHTAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH
Tá oifigí (ionadaíochtaí) ag an gCoimisiún Eorpach i ngach Ballstát den Aontas Eorpach: https://ec.europa.eu/info/contact/local-offices-eu-member-countries_en

OIFIGÍ FAISNÉISE PHARLAIMINT NA hEORPA
Tá oifig faisnéise ag Parlaimint na hEorpa i ngach Ballstát den Aontas Eorpach:
http://www.europarl.europa.eu/atyourservice/ga/information_offices.html

TOSCAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH
Tá toscaireachtaí ag an Aontas Eorpach ar fud an domhain:
https://eeas.europa.eu/headquarters/headquarters-homepage/area/geo_en

Bileoga eolais eile den tsraith *"Cad a dhéanann an tAontas Eorpach?"*

An Buiséad
An margadh aonair
Baincéireacht agus seirbhísí airgeadais
Beartas comharsanachta na hEorpa
Beartas réigiúnach
Cabhair dhaonnúil agus cosaint shibhialta
Calaois a chosc
Cánachas
Ceartas agus cearta bunúsacha
Comhar agus forbairt idirnáisiúnta
Comhshaol
Cultúr agus na meáin
Custam
Daoine óga
Fostaíocht agus gnóthaí sóisialta
Fuinneamh
Geilleagar, airgeadas agus an euro
Geilleagar digiteach agus sochaí dhigiteach
Gníomhú ar son na haeráide
Gnó agus tionsclaíocht
Gnóthaí eachtracha agus an beartas slándála
Gnóthaí muirí agus iascach
Imirce agus tearmann
Iomaíocht
Iompar
Méadú an Aontais Eorpaigh
Oideachas agus oiliúint
Sábháilteacht bia
Sláinte phoiblí
Spórt
Taighde agus nuálaíocht
Talmhaíocht agus forbairt tuaithe
Teorainneacha agus slándáil
Tomhaltóirí
Trádáil

Oifig na bhFoilseachán

Ceisteanna faoin Aontas Eorpach?
Europe Direct — seirbhís eolais an Aontais Eorpaigh:
00 800 6 7 8 9 10 11,
http://europedirect.europa.eu

Is cuid den fhoilseachán "An tAontas Eorpach: Cad é agus cad a dhéanann sé?" an bhileog eolais seo. Tá leagan idirghníomhach, ina bhfuil naisc chuig ábhar ar líne, ar fáil i bhformáid PDF agus HTML ag: http://www.publications.europa.eu/webpub/com/eu-what-it-is/ga/

Arna chríochnú in 2017

Níl an Coimisiún Eorpach ná aon duine eile a bheadh ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis thíos.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2018

© An tAontas Eorpach, 2018

Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil.

Déantar beartas atáirgthe dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Gach grianghraf: © Shutterstock, © Fotolia

Print	ISBN 978-92-79-82602-3	doi:10.2775/4203	NA-02-18-483-GA-C
PDF	ISBN 978-92-79-82610-8	doi:10.2775/980772	NA-02-18-483-GA-N